



- Teorainneacha an láithreán faoi dhath dearg,
- Foirgintí, bóithre, teorainneacha, dabhcha múnlaigh, limistéir eisilte, toibreacha tollta, fásraí tábhachtacha crann agus gnéithe eile sinthe leis an talamh nó leis an struchtúr, nó sa chongarach (ar scála nach lú ná 1:500),
- Leibhéil nó comhrianta na talún agus an struchtúir bheartaithe, má bhaineann le hábhar,
- Uimhir na bileoige Suirbhéireachta Ordanáis, má bhaineann le hábhar,
- Aird ó thuaidh na léarscáile, agus a scála,
- Ainm agus seoladh an té a d'ullmhaigh.

### 13. Cad mar gheall ar pheannanna eile agus líníochtaí eile?

Is gá go mbeidh pleananna agus líníochtaí géilliúil ar an dóigh seo a leanas

- Is gá go léireofar pleananna, arduithe agus gearrthacha ar scála nach lú ná 1:200 (nó ar scála eile arna chomhaontú leis an údarás pleanála).
- Is gá go léireoidh líníochtaí nó arduithe struchtúr ar bith atá á bheartú príomhghnéithe na bhfoirgintí a shíneann taobh leis ar scála nach lú ná 1:200.
- Is gá go ndéanfar moltaí a bhaineann le hatógáil, le hathrú nó le fairsingiú a mharcáil go soiléir chun idirdhealú a dhéanamh idir iad agus foirgintí atá ann cheana.
- Is gá go dtabharfaidh pleananna urláir, arduithe agus gearrthacha struchtúr beartaithe príomhthoisí in uimhreacha (airde iomlán san áireamh).
- Is gá go léireofar aird ó thuaidh na léarscáile, agus a scála.
- Is gá go léireofar uimhir na bileoige Suirbhéireachta Ordanáis, má bhaineann le hábhar.
- Is gá go léireofar ainm agus seoladh an té a d'ullmhaigh na pleananna agus na líníochtaí.

### 14. Cén fógra poiblí is gá dom a thabhairt?

Ní mór duit fógra poiblí i leith do thogra a thabhairt 2 seachtain roimh iarratas a chur isteach. Is mar seo is gá duit an fógra a thabhairt:

- trí fhógra a fhoilsiú nuachtán a mbíonn scaipeadh áitiúil air (tabharfaidh an t-údarás pleanála liosta duit de na nuachtáin a mbíonn glacadh acu leo chuige sin),
- agus
- trí fhógra suimh a chur in airde ar an láithreán, is gá a bheith ar ábhar marthanach síonseasmhach. Is gá é a bheith in áit fheiceálach ar an talamh nó ar an struchtúr,

chun nach gceifear in am ar bith é. I gcás go mbíonn níos mó nach bealach amháin isteach chun an láithreán, beidh gá le fógraí breise. Is gá méid A4 a bheith sa chéad fhógra láithreán, agus é i ndúch doscrista ar chúlra bán. I gcás go mbíonn cead á iarraidh agat chun a thuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán céanna taobh istigh de 6 mí ó dháta an chéid iarratais, ní mór dath buí a bheith ar an bhfógra láithreán.

### 15. Cad is gá a bheith sna fógraí nuachtáin agus láithreáin?

Is gá ainm an té atá ag cur isteach ar chead pleanála a léiriú agus an saghas ceada atá á iarraidh, mar aon le saghas agus fairsinge na forbartha beartaithe. Is gá baile fearainn agus/nó seoladh poist an láithreáin a shonrú san fhógra. Tá cur síos mion ar na sonraí is gá a bheith sna fógraí le fáil sna nótaí minithe a bhaineann leis an bhfoirm iarratais. Tabharfaidh an t-údarás foirm duit i gcomhair an fhógra láithreáin, ina leagtar amach na sonraí is gá a bheith san fhógra láithreáin.

### 16. Sula gcuireann tú iarratas isteach, fiafraigh diot féin:

- An gá dom comhairle a iarraidh ar an údarás pleanála, maidir le mo thogra nó le déanamh an iarratais?
- An bhfuil an t-iarratas ceart á dhéanamh agam, .i. do chead nó do chead imline?
- An bhfuil an fhoirm iarratais arna comhlánú i gceart agam?
- An bhfuil na doiciméid chearta curtha isteach leis an iarratas agam, leis na sonraí ar fad a theastaíonn agus líon ceart cóip?
- An bhfuil an t-ailé iomchuí ioctha agam?
- An bhfuil m'fhógra nuachtáin ag teacht leis na Rialacháin, i nuachtán inghlactha agus taobh istigh den teorainn ama?
- An bhfuil m'fhógra suimh géilliúil do na Rialacháin, é curtha in airde laistigh den teorainn ama, agus é lonnaithe mar ba chóir?
- An bhfuil an t-eolas ar fad a theastaíonn curtha isteach agam (mar shampla, an gá dom torthaí tástálacha sni do dhabhach mhúnlaigh a chur isteach)?
- An gá dom riachtanas ar bith eile nach riachtanas pleanála a shásamh? (Mar shampla, teastas sábháilteachta faoi na rialacháin fhoirgníochta, aontú le ceangal a dhéanamh le séarach poiblí)?

Tá an reachtaíocht a rialaíonn an córas pleanála leagtha amach sna hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2002 agus sna Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2003. Is féidir iad sin a cheannach ón Oifig Díolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. Guthán (01) 6476995/4

Is iad na bileoga atá sa sraith seo ná:

Treoir do Chead Pleanála	PL.1
Iarratas Pleanála a dhéanamh	PL.2
Tuairimíocht ar Iarratas Pleanála a chur in iúl	PL.3
Teach a Thógáil – na Ceisteanna Pleanála	PL.4
Obair a dhéanamh thart faoin Teach - na Ceisteanna Pleanála	PL.5
Talmhaíocht agus Forbairt Feirme - na Ceisteanna Pleanála	PL.6
Pleanáil do Lucht Gnó	PL.7
An Plean Forbartha	PL.8
Measúnacht ar Thionchar Timpeallachta	PL.9
Achomharc Pleanála a dhéanamh	PL.10
Treoir do na Rialacháin Fhoirgníochta	PL.11
Treoir don Oidhreacht Ailtreacht	PL.12

This leaflet is also available in English.



## PL 2 - Iarratas Pleanála a dhéanamh

PL.2  
Deireadh Fómhair, 2003.



Arna chlóbhualadh ar phápear  
arna athchúrsáil as 100% fuíoll  
iarthomhaltais





Chun cead pleanála a fháil, ní mór duit iarratas pleanála a dhéanamh le húdarás áitiúil pleanála. Ní féidir glacadh le hiarratas uait go dtí go mbíonn faisnéis iomlán curth ar fáil agat. Muna mbíonn d'iarratas comhlán, cuirfear ar ais chugat é, mar iarratas neamhbhailí. Cuideoidh an bhileog seo leat foirm iarratais pleanála a chomhlánú, agus moilleanna neamhriachtanacha a sheachaint.

Mar threoir phraiticiúil amháin a cuireadh an bhileog seo ar fáil. Níl léirmhíniú anseo ar dhíl na pleanála. Is féidir leat breis eolais a fháil ón údarás áitiúil pleanála agatsa.

### 1. Cén áit a gcuirim isteach ar chead pleanála?

Ó údarás pleanála do cheantair, .i. Comhairle Chontae, Comhairle Bhuirge, Comhairle Chathrach nó Comhairle Bhaile.

### 2. Conas is féidir liom cur isteach ar chead pleanála?

Ní mór duit foirm iarratais pleanála a chomhlánú agus í a chur go dtí an t-údarás pleanála, mar aon le doiciméid riachtanacha agus táille iomchuí (Féach Ceisteanna 9 go 15 thíos).

### 3. An bhfuil saghasanna éagsúla pleanála ann?

Tá. Tá dhá shaghas cead pleanála ann. Is féidir iarratas a chur isteach, maidir le:

- cead;
- cead imline;

Tá cúinsí áirithe ann ina mbeifá ag iarraidh cead imline a fháil. B'fhéidir gur mhaith leat, mar shampla, a fháil amach an mbeadh an t-údarás pleanála ar son do mholta i bprionsabal, sula gcuirfeá de dhua ort féin pleananna mionsonraithe a dhéanamh. Má gheibheann tú cead imline, beidh ort cead iomlán a fháil roimh obair ar bith a thosú. Is iondúil go gcaitear cead iomlán a iarraidh taobh istigh de thréimhse nach lú ná 3 bliain ón dáta ar deonaidh cead imline duit. Ní féidir cead imline a iarraidh maidir le coinneáil struchtúir, obair ar struchtúr faoi chosaint nó a mholtar a chosaint, maidir le forbairtí ina mbíonn staidéar um thionchar timpeallachta ag teastáil ina dtaobh, ná le ceadúnas um rialú comhtháite ar thruaillí, nó ceadúnas dramhaile.

### 4. Cén áit is féidir foirm iarratais a fháil?

Ón údarás pleanála. Is féidir go mbeadh foirmeacha éagsúla ann, i gcomhair forbairtí éagsúla – forbairt tí, forbairt talmhaíochta, forbairt tionsclaíochta, srl.

### 5. An féidir liom comhairle a fháil ón údarás pleanála?

Is féidir. Bíonn comhairle agus treoir ar fáil ón údarás pleanála chun cabhrú leat d'iarratas pleanála a dhéanamh. Mar shampla, léireoidh foireann an údaráis duit:

- do roghanna, maidir le suíomh agus forbairt,
- an dócha go mbeidh do thograí ag teacht le plan forbartha agus le caighdeáin deartha an údaráis pleanála,
- na doiciméid (agus líon na gcóip) is gá a chur leis an iarratais, agus na mionsonraí,
- cén táille is ceart a íoc,
- na fógraí poiblí atá riachtanach

Más gá, is féidir leat dul i gcomhairle leis an údarás pleanála roimh duit iarratas a dhéanamh, chun a dheimhniú go bhfuil sé comhlán, go bhfuil na doiciméid ar fad is gá istigh leis, agus go bhfuil gach riachtanas eile arna shásamh. Dé mhéid é an togra forbartha, is ea is mó a bhíonn comhairle ag teastáil roimh ré.

### 6. Cé tá i dteideal iarratas pleanála a chur isteach?

Ní mór duit páirt dhlithiúil do dhóthain a bheith agat sa suíomh nó sa dílseánacht, nó cead i scríbhinn ón té agá bhfuil. Má bhíonn iarratas pleanála a dhéanamh ag ceannitheoir ionchasach nó ag tionónta ionchasach, is gnách gur gá cead i scríbhinn ón úinéir a bheith istigh leis an iarratas.

### 7. Cén fhaisnéis is gá a bheith in iarratas bailí pleanála?

Is féidir riachtanais shainiúla a bheith i gceist, ag brath ar an saghas forbartha a bhfuil tú ag iarraidh cead ina leith. Go ginearálta, bíonn na nithe seo riachtanach in iarratas bailí:

- gach riachtanas a shásamh, maidir le fógra poiblí (fógra nuachtáin agus suíomh) (féach Ceisteanna 14 & 15).
- ainm agus seoladh an iarratasóra, fairsinge agus suíomh na talún nó an struchtúir atá i gceist agus páirt dhlithiúil an iarratasóra;
- na pleananna, na léarscáileanna agus na liníochtaí ar fad a bhfuil gá leo agus sceideal ina liostáiltear iad;
- an leathanach den nuachtáin inar foilsíodh an fógra agus cóip den fhógra a cuireadh in airde ar an suíomh;
- an táille iomchuí.

Ba cheart duit a dheimhniú leis an údarás pleanála go sásaíonn tú na riachtanais uile.

Meabhraigh! Ní iarratas bailí iarratas gan comhlánú mar ba chóir, agus cuirfear iarratas neamhbhailí ar ais chugat, mar aon leis an táille.

Tosnaíonn an tréimhse reachtúil 8 seachtain chun cinneadh a dhéanamh i leith iarratais ar an lá ar a gcuireann tú iarratas bailí isteach. I gcás gur le linn deireadh seachtaine, saoire poiblí nó lá ar bith eile ar lá druidte don údarás pleanála a thiteann lá déanta cinnidh, déanfar an cinneadh ar an gcéad lá oibre eile ina dhiaidh sin. Agus teora ama ar bith á socru, fágfar as an áireamh an tréimhse idir an 24 Mí na Nollag agus an 1 Eanáir.

### 8. An féidir liom cabhair a fháil chun an fhoirm a chomhlánú?

Tagann nótaí miniúcháin in éineacht leis an bhfoirm iarratais. Ba cheart duit iad sin a léamh go cúramach roimh an fhoirm a chomhlánú. Is féidir leis an údarás pleanála comhairle a chur ort. Rud eile is féidir leat a dhéanamh, gníomhaire (mar shampla, comhairleoir pleanála, innealtóir, ailtire) a fháil chun an t-iarratas a dhéanamh ar do shon.

### 9. Cé mhéid a chosnóidh m'iarratas?

Bíonn táille iníochta le hiarratas pleanála, agus ní iarratas bailí iarratas gan táille. Bíonn an táille ag brath ar an saghas forbartha a bhíonn i gceist. Ráta seasta a bhíonn iníochta chun teach úr a thógáil, agus bíonn an ráta i gcomhair forbairtí trachtála ag brath ar an achar urlár.

Baineann rátaí laghdaighe le cead imline, agus is féidir go n-aisiocfaí táillí i gcás athiarratas áirithe. Baineann táillí trí oiread gnáth-tháille le hiarratas chun forbairt neamhcheadaithe a choinneáil. Tugtar sonraí iomlána na dtáillí sna nótaí mínithe a bhaineann leis an bhfoirm iarratais.

In éineacht leis an táille a bhíonn iníochta in am iarratas a dhéanamh, is féidir go gcuirfear mar choinníoll le cead pleanála go ndéanfar ranníocaocht leis an údarás pleanála, maidir le costas bonneagair (mar shampla, bóithre, soláthar uisce, séarach) a éascaíonn an fhorbairt agat. Bíonn ranníocaochtaí éagsúla ag baint le háiteanna éagsúla agus le saghasanna éagsúla forbartha. Tá na táillí seo neamhspleách ar tháillí ar bith eile a bhíonn iníochta as ceangal le seirbhísí eile, idir sheirbhísí uisce, séarachta agus eile. Is féidir leat sonraí a iarraidh ar an údarás pleanála.

### 10. Cad iad na doiciméid is gá dom a chur isteach?

Beidh na doiciméid a bheidh riachtanach le hiarratas ag brath ar an saghas forbartha is mian leat a dhéanamh. Ní mór dóibh do thogra forbartha a léiriú go soiléir agus le sonraí sásúla, an chuma a bheidh ar an bhforbairt i ndiaidh a críochnaithe, conas a thiocfaidh sí leis an suíomh agus le struchtúir agus le dílseánacht sinthe taobh léi. Má bhíonn dabhach mhúnlaigh á

cur isteach agat, is féidir go mbeidh ort torthaí poll triala agus tástálacha sni a thaispeáint. I gcás go mbíonn tú ag cead isteach ar shaghasanna áirithe forbairtí talmhaíochta, is féidir go mbeidh ort conarthaí sinithe ag úinéirí talún a thaispeáint maidir le scaipeadh eisilte. Is féidir leis an údarás pleanála soiléiriú a dhéanamh duit, maidir leis na doiciméid a bheith riachtanach, agus an saghas sonraí.

Go ginearálta, áfach, is gá i gcónaí na doiciméid seo leana chur isteach:

- leathanach den nuachtán a léiríonn an fógra nuachtáin;
- cóip den fhógra a cuireadh in airde ar an láithreán;
- 6 cóip de léarscáil an tsuímh (ar scála nach lú ná 1:100) limistéar faoi fhoirgnimh agus ar scála nach lú ná 1:250 gceantar ar bith eile);
- plan ina léirítear an áit ar an talamh ar a bhfuil an fógra láithreáin suite;
- 6 cóip de phlean láithreáin nó leagan amach (ar scála n lú ná 1:500).

Ní mór gach léarscáil a bheith ar scála méadrach.

I gcás go mbaineann an fhorbairt le struchtúr cosanta nó don taobh amuigh de struchtúr i gceantar caomhnaithe ailtireachta, is gá grianghrafanna, pleananna agus sonraí eile chur leis an iarratas, ina léirítear tionchar na forbartha ar threithriocht an struchtúir.

Féach PL 12, Treoir don Oidhreacht Ailtireachta, maidir heolais breise faoi forbairtí a bhaineann le struchtúir chosanta.

### 11. Cad ba cheart a bheith ar taispeáint ar lé: suímh?

Is gá go léireoidh léarscáil suímh:

- An talamh atá i gceist agus suíomh na struchtúir atá á mbeartú, agus teorainneacha an láithreáin arna léiriú go soiléir faoi dhath dearg,
- Tailte eile i gcóngarach na forbartha beartaithe agus a seilbh an iarratasóra nó úinéir na talún arna léiriú go soiléir faoi dhath gorm agus ceadanna slí faoi dhath buí
- Uimhir bhileog Suirbhéireachta Ordanáis na léarscáile
- An aird ó thuaidh agus scála na léarscáile,
- Ainm agus seoladh an té a d'ullmhaigh

### 12. Cad ba cheart a bheith ar taispeáint ar lé: láithreáin nó leagan amach?

Is gá go léireoidh léarscáil láithreáin nó leagan amach:

